Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2024
(OR. en)

9301/24

AUDIO 56
CULT 47
TELECOM 165
DIGIT 126
SOC 329
EDUC 155
EMPL 190

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht do thionchairí mar chruthaitheoirí ábhair ar líne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 13 agus an 14 Bealtaine 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht do thionchairí mar chruthaitheoirí ábhair ar líne**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS

1. Is cuid d'éiceachóras domhanda na meán iad tionchairí. Ós rud é gur cuid de shaol laethúil mórán Eorpach iad na meáin shóisialta agus na hardáin comhroinnte físeán a úsáideann tionchairí, is mó an tionchar atá ag tionchairí ar an ábhar agus ar an bhfaisnéis ar líne a úsáideann muintir na hEorpa ar bhonn rialta;

2. Tá ról na meán sóisialta agus ardán comhroinnte físeán ag éirí níos lárnaí i gcónaí maidir le forbairt tuairimí pearsanta, iompair, rannpháirtíochta sóisialta agus féiniúlachta, lena n-áirítear forbairt shíceasóisialta, go háirithe i measc ógánach. I ngeall ar éagsúlacht na dtionchairí, is féidir le gach duine, geall leis, pobal ar líne a aimsiú agus muintearas a dhéanamh. Dá bhrí sin, is féidir tionchar dearfach a bheith ag tionchairí ar a lucht féachana;

3. Anuas ar na héifeachtaí dearfacha, d'fhéadfadh an t-ábhar a chruthaíonn tionchairí agus a n-iompar ar líne a bheith díobhálach do dhaoine aonair agus don tsochaí i gcoitinne. D'fhéadfaí tionchar diúltach a bheith ag rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ar líne, mar atá cibearbhulaíocht, mífhaisnéis nó bréagaisnéis agus comparáid mhíshláintiúil le tionchairí, ar shláinte mheabhrach agus fhisiciúil a lucht féachana, go háirithe i gcás mionaoiseach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis a roinneann tionchairí áirithe tionchar diúltach a imirt ar leibhéal na sochaí i réimsí ar nós na sláinte poiblí agus an daonlathais;

4. Níl tionchar na dtionchairí teoranta dá ngníomhaíochtaí tráchtála. D'fhéadfadh tionchairí dul i bhfeidhm ar a lucht féachana ó thaobh dearcthaí daonlathacha, luachanna agus tuairimí polaitiúla de, agus ó thaobh na sláinte, dearcthaí pearsanta agus cinntí gairme de. Ní mór dóibh an tionchar atá acu a aithint agus ba cheart na scileanna is gá a bheith acu chun é a bhainistiú agus chun láithreacht dhearfach chuiditheach ar líne a chothú;

5. Baineann tionchairí úsáid as a scileanna teicniúla agus cruthaitheacha chun ábhar a dhéanamh agus a chur in eagar. Ba cheart scileanna litearthachta sna meáin a bheith acu, smaointeoireacht anailíseach agus chriticiúil, mar shampla, agus ba cheart dóibh iad féin a iompar go freagrach. Ba cheart dóibh a bheith freagrach i dtaobh a lucht féachana agus tuiscint a bheith acu ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a gcleachtais tráchtála. Ba cheart dóibh a bheith airdeallach go háirithe maidir le mífhaisnéis agus bréagaisnéis, fuathchaint ar líne, cibearbhulaíocht agus ábhair eile atá neamhdhleathach nó díobhálach i ngeall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an méid sin ar a lucht féachana agus ar dhea-bhail a lucht féachana. Ina theannta sin, ba cheart fios a bheith acu conas freagairt go hiomchuí i gcás ina mbeidh aghaidh á tabhairt acu ar na saincheisteanna sin;

6. Bíonn tionchar suntasach ag tionchairí ar dhaoine aonair, ar phobail, ar an tsochaí i gcoitinne agus ar éiceachóras na meán. Ach tacú leo tuiscint a fháil ar na hoibleagáidí dlíthiúla ábhartha agus ar a gcearta agus a scileanna litearthachta sna meáin agus a n-iompar freagrach a neartú, féadfar tionchar dearfach a imirt ar thionchairí agus a lucht féachana, agus ar an gcaoi sin cur le timpeallacht níos sábháilte sna meáin ar líne;

**7.** Ós rud é gur mionaoisigh iad tionchairí linbh, tá freagracht ar a dtuismitheoirí, ar a gcaomhnóirí agus ar chúramóirí fásta eile as a ndea-bhail agus a bhfeasacht maidir le hiompar freagrach ar líne, ag brath ar a n-aois. Laghdaíonn an fhreagracht sin de réir mar théann an tionchaire linbh in aois. Ba cheart do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do chúramóirí iad féin agus a gcuid tionchairí linbh a chur ar an eolas faoi na hoibleagáidí agus na cearta dlíthiúla ábhartha agus a scileanna litearthachta sna meáin agus a n-iompar freagrach a neartú;

8. In a lán cásanna, cuireann údaráis rialála náisiúnta nó comhlachtaí inniúla eile tionchairí ar an eolas cheana féin faoin reachtaíocht ábhartha agus seiceálann siad go gcomhlíonann na tionchairí an reachtaíocht is infheidhme, mar shampla seiceálann rialtóirí closamhairc comhlíonadh na bhforálacha rialála lena gcuirtear Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[1] chun feidhme, agus seiceálann údaráis cosanta tomhaltóirí agus comhlachtaí inniúla eile comhlíonadh dhlí tomhaltóirí an Aontais, an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha[2] agus an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí[3], cuir i gcás;

9. Maidir le beartais, comhéadain, feidhmiúlachtaí agus algartaim na n-ardán ar líne a úsáideann tionchairí agus na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais maidir leis na hardáin sin, tá tionchar ag an méid sin ar ghníomhaíochtaí tionchairí agus ar an ábhar a chruthaíonn siad;

---

1 IO L 95, 15.4.2010, lch 1 agus IO L 303, 28.11.2018, lch 69
2 IO L 149, 11.6.2005, lch. 22
3 IO L 304, 22.11.2011, lch. 64

10. Is grúpa an-éagsúil iad tionchairí agus is beag eagraíocht ionadaíoch a d'fhéadfadh ról tacaíochta a ghlacadh. Tá gníomhaireachtaí áitiúla agus idirnáisiúnta ann do thionchairí ach is ar leasanna gnó na dtionchairí lena n-oibríonn siad a dhíríonn siad den chuid is mó;

11. Díríonn beartais reatha an Aontais maidir leis na meáin agus litearthacht dhigiteach ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha lucht féachana na dtionchairí, lena n-áirítear mionaoisigh, chun cabhrú leo meon criticiúil a bheith acu i leith ábhar ar líne arna fhorbairt agus arna scaipeadh ag tionchairí. Áirítear leis sin tuiscint chriticiúil a fháil ar na leasanna tráchtála agus sochaíocha a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis an ábhar a chruthaítear agus teacht aniar a fhorbairt i leith nósanna míshláintiúla agus cleachtais dhíobhálacha ar líne, lena n-áirítear mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhroinnt;

12. Anuas ar na tionscnaimh atá ann cheana lena ndírítear ar scileanna litearthachta sna meáin i measc lucht féachana na dtionchairí, is gá neartú breise a dhéanamh ar fhorbairt scileanna litearthachta sna meáin agus iompair fhreagraigh i measc na dtionchairí féin;

Á MHEABHRÚ DI AN MÉID A LEANAS

13. Tá an ceart agus an tsaoirse ag gach duine chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, tionchairí agus a lucht féachana san áireamh, agus cumhdaítear an ceart sin in Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

14. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc maidir le gníomhaíochtaí tionchairí a mhéid a cháilíonn a gcuid gníomhaíochtaí mar sheirbhísí meán closamhairc, agus tá cuir chuige éagsúla glactha ag na Ballstáit sa réimse sin[4]. Forchuirtear ceanglais léi a bhaineann le saincheisteanna éagsúla, mar shampla trédhearcacht agus cothroime na cumarsáide tráchtála closamhairc agus mionaoisigh agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint ar ábhar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ann. Leagtar rialacha sonracha síos freisin sa Treoir maidir le hábhar closamhairc ar ardáin comhroinnte físeán, rialacha a bhfuil tionchar acu ar an gcaoi a n-oibríonn tionchairí ar na hardáin sin agus ar cháilíocht an ábhair a chuireann siad ar fáil. Ar deireadh, leis an Treoir, cuirtear scileanna litearthachta sna meáin chun cinn freisin d'úsáideoirí uile na n-ardán comhroinnte físeán, dóibh siúd a úsáideann ardáin comhroinnte físeán chun teacht ar ábhar agus dóibh siúd a úsáideann ardáin comhroinnte físeán chun an t-ábhar a chruthaigh siad a scaipeadh. Déantar an méid sin trí cheangal a chur ar ardáin comhroinnte físeán uirlisí litearthachta sna meáin a chur fáil agus trí cheangal a chur ar na Ballstáit na scileanna sin a chur chun cinn agus bearta a dhéanamh chun iad a fhorbairt;

---

[4] Féach Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA) (2021), *Analysis and recommendations concerning the regulation of vloggers* [Anailís agus moltaí maidir le rialáil físbhlagálaithe], ERGA (2022), *How to identify and localise vloggers and regulate their commercial communication?* [Conas físbhlagálaithe a shainaithint agus a logánú agus a gcumarsáid tráchtála a rialáil?], ERGA (2023), *Learning from the practical experiences of NRAs in the regulation of vloggers* [Foghlaim ó thaithí phraiticiúil NRAnna maidir le rialáil físbhlagálaithe], agus an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc (2022), *Mapping report on the rules applicable to video-sharing platforms - Focus on commercial communications* [Tuarascáil mhapála maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le hardáin comhroinnte físeán - Béim ar chumarsáid tráchtála].

15. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha[5], tá rialacha agus oibleagáidí comhchuibhithe curtha ar bun do sholáthraithe ardán ar líne a bhíonn in úsáid go minic ag tionchairí mar mhodh chun ábhar a scaipeadh, maidir le hábhar neamhdhleathach agus díobhálach arna idirghabháil trína seirbhísí, lena n-áirítear bréagaisnéis, ábhar atá díobhálach do mhionaoisigh agus do ghrúpaí leochaileacha eile, agus díolacháin earraí góchumtha a chur chun cinn chomh maith le rialacha maidir le trédhearcacht ábhair tráchtála. Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar an mbealach ina bhfuil tionchairí in ann úsáid a bhaint as ardáin ar líne chun a n-ábhar a scaipeadh;

16. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga[6], leagtar síos rialacha comhchuibhithe arb é is aidhm dóibh sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha a chosaint, chomh maith leis an daonlathas, an smacht reachta agus cosaint an chomhshaoil ar thionchair dhíobhálacha na hintleachta saorga, agus intleacht shaorga iontaofa dhuinelárnach á cur chun cinn mar aon le tacú leis an nuálaíocht ag an am céanna. Cuireann sé sin d'oibleagáid ar na tionchairí a fhéadfaidh úsáid a bhaint as an intleacht shaorga sa phróiseas táirgthe staonadh ó chleachtais áirithe intleachta saorga atá toirmiscthe, a lucht féachana a chur ar an eolas nuair atá siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga agus domhainbhrionnuithe a lipéadú go soiléir;

17. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla[7] i ndáil le tionchairí nuair a sholáthraíonn siad fógraíocht pholaitiúil faoin Rialachán. Bunaítear oibleagáidí leis an Rialachán do thionchairí lipéadú agus faisnéis eile faoina bhfógraí a chur san áireamh, rud nach mór do sholáthraithe ardán ar líne a éascú, agus tá tionchar aige ar an gcaoi a bhfuil tionchairí in ann ábhar den chineál sin a scaipeadh;

---

[5] IO L 277, 27.10.2022, lch. 1
[6] IO L…
[7] IO L…

18. Leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán[8], leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí na meán, agus timpeallacht meán neamhspleách agus iolraíoch á coimirciú ag an am céanna, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí na dtionchairí, mar shampla nuair atá tionchairí cáilithe mar sholáthraithe seirbhíse na meán;

19. Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[9], leagtar síos rialacha a bhaineann le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint agus rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht sonraí pearsanta. Is féidir leis na rialacha sin tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí tionchairí.

20. Tá feidhm ag dlíthe tomhaltóirí na hEorpa ar nós na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha agus na Treorach maidir le cearta tomhaltóirí i ndáil le gníomhaíochtaí tráchtála tionchairí, mar shampla nuair a dhéanann siad gnólachtaí nó trádmharcanna a chur chun cinn nó a fhormhuiniú, táirgí a fhógairt nó seirbhísí a dhíol ar líne le tomhaltóirí. Leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, ní mór gach cumarsáid tráchtála a nochtadh go soiléir do thomhaltóirí, gan beann ar cén teicneolaíocht nó cén cainéal a úsáidtear chun an chumarsáid seo idir gnólachtaí agus tomhaltóirí a dhéanamh. Cuireann sé cosc freisin ar thionchairí iad féin a chur i láthair go bréagach mar thomhaltóirí agus aon ghríosú díreach a dhéanamh ar leanaí chun táirgí a cheannach.

21. Leis na dlíthe maoine intleachtúla Eorpacha, cuirtear uirlisí ar fáil do thionchairí chun a gcuid oibre a chosaint agus a chur chun cinn agus tacú lena gcruthaitheacht ag an am céanna. Ar an taobh eile, le dlíthe maoine intleachtúla, cuirtear toirmeasc ar thionchairí ábhar atá faoi chosaint cóipchirt agus/nó cearta gaolmhara arna chruthú ag daoine eile a atáirgeadh nó a chur ar fáil don phobal gan údarú;

[8] IO L…
[9] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1

22. Is é is aidhm don Straitéis Eorpach i ndáil le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)[10] a áirithiú go ndéanfar mionaoisigh a chosaint, a urramú agus a chumhachtú ar líne sa Deacáid Dhigiteach nua i gcomhréir leis na Prionsabail Dhigiteacha Eorpacha[11]. Áirítear leis sin bearta chun tacú le heispéiris shábháilte atá oiriúnach ó thaobh aoise de do mhionaoisigh ar na meáin shóisialta agus ardáin comhroinnte físeán, cumhachtú digiteach, agus rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus na n-óg;

23. Aithnítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) cearta leanaí, lena n-áirítear tionchairí linbh, mar shampla an ceart chun príobháideachais agus an ceart chun cosaint a fháil ar dhúshaothrú eacnamaíoch;

24. Cothaíonn an tAontas Eorpach litearthacht sna meáin i measc phobal na hEorpa, lena n-áirítear mionaoisigh, trí bheartais agus ionstraimí mar atá Clár Eoraip na Cruthaitheachta[12], Erasmus+[13], an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach[14], an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach[15] agus Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, mar shampla trí bhearta litearthachta sna meáin arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta, agus trí thacú leis an bhFaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha agus lena moil réigiúnacha ar fud an Aontais;

25. Sa Mhol dlí maidir le tionchairí a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach, tá bailiúchán ábhair lena n-áirítear cúrsaí oiliúna físeáin, mionteagaisc scríofa agus forléargais ar dhlíthe agus ar chásanna tábhachtacha, chomh maith le naisc chuig údaráis náisiúnta tomhaltóirí ábhartha agus acmhainní breise. Trí na hacmhainní sin, is féidir le tionchairí agus an pobal i gcoitinne eolas a chur ar na caighdeáin Eorpacha maidir le cosaint tomhaltóirí is gá a chur i bhfeidhm agus fógraíocht á déanamh, earraí á ndíol agus seirbhísí á soláthar;

---

10 https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/strategy-better-internet-kids
11 An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití IO C 23, 23.1.2023, lch. 1.
12 IO L 189, 28.5.2021, lch. 34
13 IO L 189, 28.5.2021, lch. 1
14 IO L 202, 8.6.2021, lch. 32
15 COM/2020/624 final

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

26. Ábharthacht mhéadaitheach tionchairí in éiceachóras domhanda na meán agus cur i bhfeidhm na n-ionstraimí atá ann cheana a mheas de réir mar is iomchuí, chomh maith le tionscnaimh litearthachta sna meáin a chur in oiriúint do thionchairí agus dá lucht féachana;

27. Idirphlé beartais le tionchairí a éascú, lena n-áirítear trí eagraíochtaí ionadaíocha atá ag teacht chun cinn;

28. Iarracht a dhéanamh a áirithiú go dtuigeann tionchairí an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus Eorpach agus go gcomhlíonfaidh siad an reachtaíocht sin, lena n-áirítear na gníomhartha dlí thuasluaite, trí na rialacha is infheidhme a chur ar fáil ar bhealach inrochtana sothuigthe;

29. Tacú le heagraíochtaí ionadaíocha atá ag teacht chun cinn feasacht a mhúscailt go córasach i measc tionchairí maidir leis an ról atá acu in éiceachóras na meán agus an tionchar a bhíonn acu ar a lucht féachana;

30. Tacú le forbairt chomhsheasmhach ar chur chuige comhleanúnach chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta sna meáin agus ar iompar freagrach tionchairí trí bhearta inghníomhaithe a dhéanamh ar nós cláir oiliúna, feachtais feasachta agus tionscnaimh lena neartaítear a smaointeoireacht anailíseach agus chriticiúil**;**

31. Féachaint an bhféadfaí dea-chleachtais a mhalartú idir eagraíochtaí a ghlacann ról tacaíochta do thionchairí, ar nós eagraíochtaí ionadaíocha atá ag teacht chun cinn agus gníomhaireachtaí tionchaire, trí thionscnaimh mar atá fóraim phlé nó moil eolais;

IARRANN SÍ AR AN GCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

32. Machnamh a dhéanamh ar chur chuige comhleanúnach i leith tionchairí i ngach réimse beartais ábhartha, agus béim á leagan ar iompar freagrach, lena n-áirítear trí shásraí féinrialála uile-Eorpacha a chothú, agus a n-oibleagáidí dlíthiúla agus a gcearta á gcur san áireamh chomh maith lena scileanna litearthachta sna meáin agus a n-iompar freagrach a fhorbairt d'fhonn folláine dhigiteach agus cleachtais shláintiúla ar líne a chur chun cinn;

33. Féachaint ar acmhainneacht na tacaíochta atá ann cheana i gcistí an Aontais agus i gcláir an Aontais a bhaineann le hoideachas sna meáin agus le litearthacht sna meáin chun tacú le heagraíochtaí a oibríonn chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta sna meáin agus ar iompar freagrach tionchairí chomh maith le sineirgí idir na hionstraimí sin a fhiosrú;

34. Iarracht a dhéanamh an Mol dlí maidir le tionchairí a choinneáil cothrom le dáta le forbairtí bheartais meán an Aontais atá ábhartha do thionchairí agus an fhaisnéis faoin reachtaíocht a chur i láthair ar bhealach inrochtana agus sothuigthe, ar nós cumarsáid a dhéanamh le tionchairí ina dteanga féin. Féachaint ar bhealaí chun faisnéis a chur san áireamh maidir le tionscnaimh lena bhfeabhsaítear scileanna litearthachta sna meáin agus iompar freagrach tionchairí, ar nós cláir oiliúna, uirlisí agus ábhar;

35. Machnamh a dhéanamh i gcomhthéacs Straitéis BIK+ maidir le tionchar na dtionchairí ar mhionaoisigh, agus maidir le staid na dtionchairí linbh agus an tionchar a imrítear ar a ndea-bhail;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. Beartais agus ionstraimí a fhorbairt chun iompar freagrach na dtionchairí i leith a lucht féachana a chothú agus leanúint leis na tionscnaimh chun litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach lucht féachana na dtionchairí a neartú ag an am céanna;

37. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt, ar bhealaí ábhartha, d'eagraíochtaí ionadaíocha atá ag teacht chun cinn, do ghníomhaireachtaí tionchaire, do bhrandaí agus do ghníomhaithe ábhartha eile i bhforbairt comhlachtaí nó sásraí féinrialála, lena n-áirítear cód eiticiúil nó tionscnaimh chomhchosúla a d'fhéadfadh a bheith ann do thionchairí;

38. Ról a thabhairt do thionchairí i bhforbairt na ngnéithe sin de bheartas na meán a d'fhéadfadh tionchar a imirt orthu;

39. Forbairt eolais agus taighde a chothú maidir le staid agus dea-bhail tionchairí linbh agus ról tionchairí in éiceachóras na meán, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn acu ar an tsochaí agus go háirithe ar mhionaoisigh, ag tógáil, i measc rudaí eile, ar thorthaí thionscadail Fís 2020 agus Fís Eorpach[16];

40. Meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na mbeart a rinneadh chun tacú le tionchairí agus malartú dea-chleachtas a éascú maidir le tacaíocht do thionchairí ar fud na mBallstát;

41. A áirithiú go leanfaidh na bearta atá dírithe ar mhionaoisigh faoi straitéis BIK+ de thuismitheoirí agus teagascóirí a chumhachtú leis na huirlisí cearta agus go leanfaidh na bearta de choinneáil bonn ar bhonn leis an timpeallacht dhigiteach a bhíonn ag síorathrú agus go n-áirítear leo freisin an tionchar a imrítear ar na tionchairí mar aon leis an tionchar a imríonn na tionchairí ar dhaoine eile;

42. Breathnú ar mhachnamh a dhéanamh ar éifeachtaí na hintleachta saorga atá in úsáid níos minice ag tionchairí agus ar chur chun feidhme na gceanglas lipéadaithe de réir an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.

---

[16] Mar shampla DIACOMET - https://cordis.europa.eu/project/id/101094816

***Sainmhínithe***

Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle,

Is cruthaitheoirí ábhair ar líne iad 'tionchairí', a phostálann ábhar ar na meáin shóisialta nó ar ardáin comhroinnte físeán trína mbíonn tionchar acu ar an tsochaí, ar thuairimí an phobail agus ar thuairimí pearsanta a lucht féachana, a léirítear go minic trína gcaidreamh lena lucht féachana atá bunaithe ar bharántúlacht. Is minic a bhíonn rún tráchtála ag tionchairí agus bíonn siad ag plé le gníomhaithe tráchtála trí shamhlacha gnó éagsúla chun airgead a shaothrú. Is féidir le tionchairí dul i mbun gníomhaíochtaí as líne freisin, ar nós pátrúnachta, bualadh lena lucht féachana agus línte táirgí. Ní thagann na gníomhaíochtaí as líne sin faoi raon feidhme na gconclúidí seo ón gComhairle.

Ciallaíonn 'tionchaire linbh' tionchaire atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.